




SuperValu Bailte Slachtmhara

Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol

Slachtmhaireacht agus Cosc Bruscair



Ag Tacú leis na Spriocanna
Forbartha Inbhuanaithe

Lámhleabhar

Brought to you by the Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht
Tugtha chugaibh ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an Gaeltachta



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

SuperValu

Cuireadh tús le comórtas Bhailte Slachtmhara SuperValu sa bhliain 1958 agus ó shin i leith is é an tionscnamh inbhuanaithe agus comhshaoil is cáiliúla in Éirinn. Tá an comórtas á riaradh ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, agus tá sé á urrú ag SuperValu go bródúil ó 1991 i leith.

Seo a leanas na hocht gcatagóir faoina ndéantar moltóireacht neamhspleách ar an gcomórtas;

Pobal: Pleanáil agus Rannpháirtíocht	Sráid-Dreach agus Áiteanna Poiblí
Spásanna Glasa agus Tírdhreachadh	An Dúlra agus an Bhithéagsúlacht in bhur gCeantar
An inbhuanaitheacht: Breis a bhaint as beagán	Slacht agus Rialú Bruscair
Sráideanna Cónaithe agus Limistéir Thithíochta	Bóithre Isteach, Sráideanna agus Lánaí

I Meán Fómhair 2015, ghlac 193 Ballstát de chuid na Náisiúin Aontaithe le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe “Ár nDomhan a Athrú”.

I gcoirlár an Chláir Oibre seo tá na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe a léiríonn gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil na forbartha inbhuanaithe.

Ar fud an fhoirm iarratais, feicfidh tú cá dtagann go leor de na spriocanna seo le

catagóirí éagsúla na mBailte Slachtmhara. Aithnigh, má bhaineann sé le hábhar, faoi gach catagóir cá bhfuil sé mar aidhm ag an tionscadal nó an tionscnaimh aghaidh a thabhairt ar cheann amháin nó níos mó de na spriocanna inbhuanaithe.

Feicfidh tú go dtagann catagóir “Slachtmhaireacht & Cosc Bruscair” le spriocanna 12 & 17



Roinneadh an Lámhleabhar seo, a ullmhaíodh le hionchur ó phainéal náisiúnta na mBailte Slachtmhara, i gcodanna, agus clúdaítear gach catagóir ina haonar, ach moltar don iarratasóir gan cuid a léamh ar leithligh ó na codanna eile. Tá ról tábhachtach ag tírdhreachú i moltóireacht Sráid-Dreacha agus Áiteanna Poiblí, Sráideanna Cónaithe agus Ceantair.

Tithíochta agus Bóithre Rochtana, Sráideanna agus Lánaí, Slachtmhaireacht agus Cosc Bruscair, agus déanfar athbhreithniú air in go leor catagóirí, mar sin. Dá bhrí sin, mholfaimis tagairt a dhéanamh do na catagóirí uile beag beann ar an tionscadal nó an tionscnamh atá ar bun.

Féach ar Eolas Ginearálta freisin ina bhfuil eolas luachmhar do gach grúpa Bailte Slachtmhara.

Sa chuid seo, féachaimid ar “Slachtmhaireacht & Cosc Bruscair”, tá na marcanna don chatagóir seo ar an mbileog scórála. Tá an téacs seo a leanas san fhoirm iarratais chun cabhrú leis an iarratasóir an chuid seo dá bhfoirm iarratais a chomhlánú;

Slachtmhaireacht: Easpa praiseach i gcoitinne, cosáin blocáilte, cuaillí iomarcacha, cáblaí leictreacha gránna lastuas, easpa graifítí agus fógraí mídhleathacha.

Easpa fógraíochta gránna agus/nó míchuí, amhail an fógraíocht ar bheanna foirgneamh agus meirgí fógraíochta i siopaí a olltáirgeadh. Tugaigí faoi deara, le bhur dtoil, cé go ndéantar measúnú agus marcáil ar shlachtmhaireacht ghinearálta sa chatagóir seo, go gcuirtear slachtmhaireacht san áireamh faoi gach catagóir freisin.

Bruscar: Déanfaidh an moltóir measúnú ar easpa bruscair agus dumpála, fianaise ar straitéis chosc bruscair, lena n-áirítear patróil rialta bruscair, deighilt bruscair bailithe le linn glantachán agus feasacht frith-bhruscair a chur chun cinn ar fud an phobail.

Meabhrúchán: Meabhraítear do ghrúpaí agus d'oibrithe deonacha na mBailte Slachtmhara go gcaithfear tús áite a thabhairt dá sábháilteacht agus dá bhfoláine i gcónaí. Chun sábháilteacht na n-oibrithe deonacha a chinntiú, moltar do ghrúpaí na mBailte Slachtmhara comhairle a lorg ón nGarda Síochána sula dtéann siad i mbun tionscadal ar bhóithre, ar thaobhanna bóthair agus ar imeall bóthair.





SLACHTMHAIREACHT AGUS COSC BRUSCAIR

Cé gur catagóir laistigh den chomórtas ina cheart féin é Slachtmhaireacht agus Cosc Bruscair, beidh réimsí slachtmhaireachta agus cosc bruscair mar chuid de mheasúnú an mholtóra in go leor catagóirí eile.

COMHARTHAÍ IOMARCACHA NÓ MÍ-OIRIÚNACHA

Cuireann comharthaí isteach ar choistí. In ainneoin thábhacht comharthaí bóthair agus rialaithe luais atá sábháilte, infheicthe agus slán, is minic a fhágtar cuailí loma ina ndiaidh tar éis comharthaí a bhaint. Chomh maith leis sin, bíonn an iomarca comharthaí i lár bailte/sráidbhailte uaireanta. Má tá comharthaí ina bhfadhb, ba cheart smaoineamh ar fhardal grianghrafadóireachta de chomharthaí a chur i dtoll a chéile agus iad marcáilte ar léarscáil. Pléigí iad seo le hionadaithe ón Údarás Áitiúil agus féachaigí an féidir aon chomharthaí neamhriachtanacha a bhaint. Maidir le comharthaíocht siopaí - déanaigí teagmháil leis an Údarás Áitiúil maidir le Treoirínte Dearaidh Aghaidh Siopaí a chur ar fáil. Ba chóir cláir fógraí ar scála mór i sráidbhailte beaga a sheachaint.

Cad a mheasann an moltóir faoi Shlachtmhaireacht

- Easpa praiseach fisiciúil agus amhairc
- Cur i láthair comharthaíochta
- Easpa cláir fógraí míchuí
- Cuailí iomarcacha agus gan úsáid
- Láithreachta sreanga lastuas gránna
- Forleithne graifítí agus postáil mhídhleathach
- Bainistíocht tráchta agus socruithe páirceála
- Bainistíocht ghinearálta fiailí agus plandaí
- Aon fhadhbanna slachtmhara atá fós ann nár tugadh faoi deara i gcatagóirí eile
- Cóireáil foirgneamh folamh; suíomhanna tréigthe/neamhfhorbartha; bainistíocht reiligí.
- Cur i láthair ceantar cúirtealáiste a fheictear ón réimse poiblí
- Cur i láthair troscán sráide

OIBRITHEOIRÍ PRÍOBHÁIDEACHA

Is féidir le roinnt gnólachtaí príobháideacha ar nós siopaí nuachtán agus gníomhairí eastáit cur le praiseach amhairc mar gheall ar líon na gcomharthaí agus a dtionchar carnach. Cé nach mbíonn fadhb ag baint le comhartha aonair, bíonn fadhb ag baint le cúig chomhartha. Is minic a luann moltóirí na mBailte Slachtmhara an fhadhb seo. Ba chóir gnó áitiúil a chur ar an eolas faoin tionchar diúltach atá acu agus a chur in iúl go gcailleann an coiste marcanna mar gheall air. B'fhéidir go molfaí comharthaí aonair a bhaint agus comharthaí grúpáilte urraithe a chur ina n-áit - amhail bord eolais. D'fhéadfadh léarscáil den cheantar a chur ar an mbord seo agus suíomh na n-áitreabh urraíochta a léiriú mar aon le fógraí beaga do na háitribh sin. Is féidir le gnólachtaí an praiseach ar chosáin a laghdú freisin, rud a chruthaíonn bacainní do bhugaithe agus do chathaoireacha rothaí.

SREANGA LASNAIRDE

Is féidir le sreanga agus cáblaí lasnairde iomarcacha a bheith ina bhfadhb ghránna do go leor coistí. Is é an réiteach is inmhianaithe ó thaobh amhairc de ná cáblaí a chur faoi thalamh agus na cuailí go léir a bhaint. Mar sin féin, ba chóir a choinneáil i gcuimhne gur nós imeachta costasach é an cur faoi thalamh. Is iad an dá chéim atá i gceist leis seo ná duchtanna seirbhíse a sholáthar sa chosán - freagracht de ghnáth ar an Údarás Áitiúil; agus na cáblaí a chur sna duchtanna sin - freagracht ar an BSL, de ghnáth. Cé go mbíonn deis ann uaireanta cáblaí a chur faoi thalamh nuair a osclaítear sráid le haghaidh oibreacha móra, amhail príomhshéarachas a leagan, tá na hoibreacha seo costasach agus ba chóir iad a mheas mar spriocanna fadtéarmacha, cé go bhfuil siad tábhachtach. D'fhéadfaí soilsiú sráide a cheangal le foirgnimh agus cáblaí a rith comhthreomhar le háitribh seachas an bóthar a thrasnú i gcomhar leis na húdaráis ábhartha, mar aon le suiteáil agus cothabháil chúramach, chun tionchair dhíobhálacha ar thaitneamhacht amhairc na sráideanna laistigh dár mbailte agus dár sráidbhailte a íoslaghdú.

GRAIFÍTÍ

Is fadhb chasta í an graifítí. Is fadhb thromchúiseach í an mhilleadh a dhéantar ar bhallaí, doirse agus paraipéid le pinn feiltbhiorach agus péint spraeála. Is é an modh traidisiúnta chun clocha a ghlanadh ná gaineamhroiseadh, rud atá an-éifeachtach, ach a bhaineann an ciseal barr cloiche agus nach bhfuil oiriúnach do go leor dromchlaí. Is féidir minicíocht an ghraifítí a laghdú má chlúdaítear ballaí le rindreáil láidir uigeach, múrmhaisiúcháin, plandaí dreapadóireachta, amhail eidhneán nó athair Virginia, nó slata adhmaid maisiúla. D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh freisin ar bhallaí a ainmniú i limistéir shonracha le haghaidh taispeántais ealaíne poiblí a bhféadfadh eilimint iomaíoch a bheith iontu; d'fhéadfadh sé seo oibriú chun minicíocht an ghraifítí gan idirdhealú a laghdú.

FADHBANNA TRÁCHTA

Maidir le trácht, tuigeann an moltóir gur réimse casta é seo a éilíonn gníomh ón Údarás Áitiúil. D'ainneoin seo, is féidir le trácht tionchar a imirt ar chaighdeán na timpeallachta áitiúla - ní hamháin mar gheall ar phlódú ach mar gheall ar shocruithe páirceála míchuí, páirceáil mhídhleathach, srl freisin. Ba chóir na fadhbanna seo a phlé arís le páirtithe leasmhara agus gnólachtaí áitiúla. In go leor bailte agus sráidbhailte, tá ról tábhachtach imeartha ag Coiste na mBailte Slachtmhara i stocaireacht ar son fo-dhlíthe a thabhairt isteach ina rialaítear páirceáil, mar sin smaoinígí ar an ról tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag an gcoiste. Caithfear bollairdí tráchta agus comharthaí bóthair, go háirithe iad siúd ar oileáin tráchta agus ar thimpealláin a bhfuil infheictheacht ard acu, a choinneáil glan, inléite agus i riocht maith.

RIALÚ FIAILE AGUS PLANDAÍ

Baineann fás fiaíle agus plandaí le tascanna leanúnacha an choiste i ndáil le cothabháil tírdhreacha. Is fiú patróil bhruscair a dhéanamh agus iarraidh ar oibrithe deonacha plandaí a thuairisciú nó a bhaint atá ag crochadh os cionn mar aon le fás ag bun ballaí agus imeall cosán, oileáin tráchtá agus timpealláin (agus aird á tabhairt ar cheisteanna sábháilteachta). Téigh i gcomhairle le hÚdarás Áitiúil chun cead a fháil ó úinéirí talún sula mbaintear iad. Is féidir le cothabháil rialta an gá atá le luibhicid a laghdú. Tacaíonn comórtas na mBailte Slachtmhara leis an bPlean Pailnithe Uile-Éireann agus beidh tionchar diúltach ag úsáid luibhicid ar an moltóireacht.

CUR I LÁTHAIR LIMISTÉIR CHÚIRTÉALA

Tá sé tábhachtach go gcoimeádfaí limistéir chúirtéala gach maoine, cónaithe, tráchtála agus pobail, ar féidir iad a fheiceáil ón réimse poiblí, ar bhealach slachtmhar mar go ndéanann an moltóir moltóireacht ar limistéir den sórt sin freisin. Is féidir é seo a bhaint amach trí fháil réidh le stóráil oscailte gránna agus / nó scagadh éifeachtach a dhéanamh trí thírdhreachú cuí. Arís, ní mór comhoibriú úinéirí maoine a lorg agus a spreagadh.

CUR I LÁTHAIR TROSCÁN SRÁIDE

Meastar sa chatagóir seo cur i láthair agus cothabháil ghinearálta an troscáin sráide go léir, lena n-áirítear boscaí bruscair, suíocháin phoiblí, cuaillí comharthaíochta, cuaillí lampaí, racaí rothair agus tuilleadh. Ba chóir go mbeadh siad seo glan, péinteáilte ar bhealach maith agus inléite de réir mar is cuí agus saor ó phostáil mhídhleathach, ceangail chábala agus póstaeir.

SUÍOMHANNA AGUS REILIGÍ TRÉIGTHE / NEAMHFORBARTHA

Is féidir le foirgnimh thréigthe, tearcfhorbairt agus faillí foirgneamh agus suíomhanna a bheith gránna agus tionchar diúltach a imirt ar mholtóireacht ionad! Is féidir úsáid a bhaint as áitribh fholmha, go háirithe iad siúd a bhfuil fuinneoga siopaí orthu, ar bhealaí cruthaitheacha éagsúla go dtí go n-athosclófar iad. Mar shampla, is féidir iad a úsáid chun obair na mBailte Slachtmhara agus grúpaí pobail eile a thaispeáint, rud a fheabhsóidh a sráid-dreach faoi seach. Is féidir suíomhanna tréigthe nó tearcfhorbarta a úsáid chun gairdíní bláthanna fiáine sealadacha nó limistéir taitneamhachta suí a chur i láthair go dtí go n-athfhorbrófar iad; mar mhalairt air sin, is féidir le plandaí coimeádáin oiriúnacha feadh imeall a mbóthair scagadh éifeachtach a sholáthar. Is minic a bhíonn spéis oidhreachta agus/nó fiadhúlra ag baint le sean-reiligiú, mar sin ní mór d'oifigeach oidhreachta an údaráis áitiúil nó saineolaí gairmiúil cuí eile páirt a ghlacadh in aon phlean chun iad a 'ghlanadh suas'. Tá cead ó úinéirí maoine riachtanach.



CAD A MHEASANN AN MOLTÓIR FAOI CHOSC BRUSCAIR

- Easpa bruscair agus dumpála le linn moltóireachta
- Pleananna bainistíochta bruscair nó straitéisí chosc bruscair
- Fianaise ar phatróil rialta bruscair agus ar dheighilt bruscair
- Rannpháirtíocht i dtionscnaimh ar nós Glanadh Náisiúnta an Earraigh, Comórtas Bruscair an Chontae agus tuilleadh.
- Comhpháirtíocht agus rannpháirtíocht phobail le cosc bruscair
- Rannpháirtíocht agus ardú feasachta i ndáil le cosc bruscair
- Forleithne salachar madraí
- Dumpáil mhídhleathach
- Cur i láthair bainc buidéal agus boscaí bruscair

COSC BRUSCAIR

Is prionsabal lárnach den chomórtas é cosc bruscair. Is réimse é seo atá ag éirí níos deacra agus go leor coistí ag tuairisciú líon níos airde cionta dumpála i gceantair áitiúla. D'ainneoin seo, tá ról níos gníomhaí ag Údaráis Áitiúla i gcosc agus i mbainistíocht bruscair trí cheapadh Maor Bruscair agus fíneálacha bruscair a eisiúint. Ba chóir do choistí oibriú i gcomhar leis an Údarás Áitiúil chun a chinntiú go bhfuil cosc bruscair ar ardchaighdeán ina n-ionad.

BAINISTIÚ BRUSCAIR

Is féidir bruscar a bhainistiú le glantacháin agus patróil rialta. Is féidir an limistéar a roinnt idir baill éagsúla den Choiste nó oibrithe deonacha eile. Is féidir patróil a dhéanamh go rialta le daoine aonair a thiomnaíonn tréimhsí níos giorra ama agus dá bhrí sin is dóichí go bhfanfaidh siad tiomanta. Ba chóir don choiste lámhainní, bainteoirí bruscair agus málaí a sholáthar do na hoibrithe deonacha a dhéanann glantacháin rialta. D'fhéadfadh coistí seiceáil le hoifigí a nÚdarás Áitiúil nó lena siopaí SuperValu áitiúla le feiceáil an bhfuil siad in ann an trealamh seo a sholáthar.

Ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Áitiúil freisin le feiceáil an féidir socruithe a dhéanamh chun coimeádán bruscair tiomnaithe a sholáthar don choiste. D'fhéadfaí é seo a fholmhú, agus d'fhéadfadh an t-údarás íoc as an gcostas trí shocrú.

Is deis mhaith é glanadh earraigh bliantúil chun an teachtaireacht faoi bhruscar a scaipeadh agus is féidir le rannpháirtíocht i dtionscnaimh ar nós Comórtas Bruscair an Chontae a bheith ina spreagadh mór.

Is féidir brú speisialta a sheoladh arís chun 'glanadh suas' ag druidim leis an tréimhse moltóireachta, mar shampla, go luath i mí an Mheithimh. Ba chóir bailiúcháin a dhéanamh i rith na bliana, áfach, mar léirítear i dtaithí go mbeadh seans ní ba lú ann go gcaithfí bruscar i limistéar glan seachas i limistéar neamhghlan.





AG AITHINT LIMISTÉIR FADHBANNA

B'fhiú don choiste smaoineamh ar shuirbhé bruscair a dhéanamh chun limistéir fhadhbacha nó spotaí dubha bruscair a aithint agus iad seo a mharcáil ar léarscáil den ionad. Ba choir bruacha abhann agus canálacha a chur san áireamh chomh maith le bruacha locha agus tránna chomh maith le coillte agus limistéir áiseanna comhchosúla atá mar chuid den bhaile / sráidbhaile. B'fhiú smaoineamh faoi limistéir a chriosú freisin ar léarscáil den ionad de réir a nglaineachta bruscair.

D'fhéadfaí na laethanta/amanna a bhfuil an bruscar is mó ina fhadhb a fháil amach. Tá a fhios ag go leor coistí é seo gan gá le suirbhé foirmiúil a dhéanamh. Mar sin féin, tugann suirbhé bliantúil deis súil a choinneáil ar an mbruscar a tharlaíonn le himeacht ama agus soláthraíonn sé sonraí chun:

- An pobal a chur ar an eolas (is féidir le leathanach Facebook a bheith an-úsáideach chuige seo)
- Plé a dhéanamh leis an údarás áitiúil agus le hionadaithe tofa; agus
- Fianaise a sholáthar chun tacú le hiarratas ar acmhainní breise - amhail an gá atá le boscaí bruscair breise, patróil bruscair agus b'fhéidir suiteáil trealamh TCI.

GUMA COGANTA

Is féidir le guma coganta a bheith ina fhadhb - go háirithe lasmuigh de shiopaí, ag stadanna bus, srl. Marcáladh go leor cosán a athphábháileadh le déanaí (go minic le hábhair dhaora agus tarraingteacha) mar gheall ar an nós faillíoch seo. Is féidir na loirg seo a ghlanadh le meaisín speisialta cé go bhfuil sé an-daor. Is fearr cosc ná leigheas!

SALACHAR MADRAÍ

Is crá croí é salachar madraí i roinnt ionad. Chomh maith le salachar madraí a bheith gránna, cuireann sé riosca ar shláinte an duine freisin mar is féidir baictéir ar nós E-coli agus seadáin ar nós péisteanna cruinne a bheith ann, agus is féidir radharc a chailleadh mar gheall ar a larbhaí. Tá roinnt feachtas náisiúnta i bhfeidhm ar féidir le coistí páirt a ghlacadh iontu / iad a chur chun cinn. Más fadhb é salachar madraí don ionad, ba chóir labhairt leis an rannóg comhshaoil den Údarás Áitiúil.

BRUSCAR TOITÍNÍ

Is fadhb thromchúiseach í bruscar toitíní fós in go leor bailte agus cathracha. Is fadhb mhór chomhshaoil í dramhaíl toitíní; déantar bunanna toitíní as cineál plaisteach agus d'fhéadfadh sé suas le 12 bliana a thógáil chun iad a dhianscaoileadh mar nach bhfuil siad in-bhithmhíllte agus nach mbriseann siad síos go horgánach. Is féidir le bunanna toitíní ceimiceáin thocsaineacha a scaoileadh freisin nuair a bhíonn siad san uisce agus tá siad díobhálach d'éin agus don fhiadhúlra. Dá bhrí sin, bíonn impleachtaí diúltacha ag bruscar toitíní ó thaobh radhairc agus comhshaoil de.

Deighiligh an bruscar le haghaidh athchúrsála más féidir; cuirfidh sé seo le baint amach roinnt de na 17 Sprioc don Fhorbairt Inbhuanaithe. Cinnteoidh córais ghlantacháin leanúnacha agus feachtais feasachta - i gcomhar le gníomhartha an Údaráis Áitiúil - go laghdófar an bruscar i rith na bliana.

AG OBAIR LE COMHPHÁIRTITHE SA CHEANTAR

Déanaigh teagmháil le rannóg chomhshaoil an Údaráis Áitiúil agus féachaigh cén chabhair agus tacaíocht atá ar fáil. B'fhiú bualadh leis an Maor Bruscair agus plé a dhéanamh ar réimsí fadhbanna inar cheart gníomhú.

Ba chóir do scoileanna, do ghnólachtaí, do chumainn chónaitheoirí agus do ghrúpaí eile páirt a ghlacadh in íoslághdú bruscair agus glanadh. Déan teagmháil leis an scoil áitiúil agus le clubanna spóirt chun cabhair a iarraidh le glanadh an earraigh. Pléigh tionscadail chosc bruscair le hoifigigh scoile laistigh agus lasmuigh de thailte scoile.

NAISC ÚSÁIDEACHA

Glanadh Náisiúnta an Earraigh

<https://nationalspringclean.org/>

Sráideanna Slachtmhara

<http://www.neatstreets.org>

Cóstaí Glana

<https://cleancoasts.org/>

Cósta Glas

<https://beachawards.ie/green-coast/>

Tascfhórsa Bruscair Ghuma Coganta

<https://www.gumlittertaskforce.ie/>

Iontaobhas na Madraí

<https://www.dogstrust.ie/whats-happening/issues-campaigns/the-big-scoop/>

BOSCAÍ BRUSCAIR

Cinntigh go gcuirtear boscaí bruscair ar fáil sna ceantair is mó a bhfuil gá leo agus go ndéantar iad a fholmhú go minic go leor chun freastal ar an éileamh. Smaoinigh freisin ar dhearadh an bhosca bruscair; an bhfuil méid na hoscailte oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb shonrach? (i.e. scagairí ainmhíocha agus diúscairt dramhaíola tí) agus an féidir múchtóirí agus coimeádáin toitíní a fheistiú sna boscaí?

NASC A DHÉANAMH LE FEACHTAIS

D'fhéadfaí nasc a dhéanamh le roinnt feachtais náisiúnta. Braithfidh sé seo ar do shuíomh/chás, ar ndóigh. Smaoinigh ar chuid díobh seo a leanas:

